Líon an Dúlra

Eagrán 18 Geimhreadh 2016

San Eagrán seo...

Leathanach an Eagarthóra

Cáitheadh Sneachta

An Réinfhia

Fanaile

Spúinsí

Ar aghaidh leis an obair –
Terri Kearney, Ionad Oidhreachta an Sciobairín

An Laplainn

Dathaigh Leat

Leathanach Gníomhaíochta –
Déan cártaí de do chuid féin

An Saol Mórthimpeall Orainn

Bí ag foghlaim

Leathanach Spraoi

Cuardach Focal

Dialann Dúlra

Foclóirín

Urú Mórghealaí

Íomhánna le caoinchead © Robbie Murphy

Nuair a bhíonn lanurú gealaí[1] ann, is é a tharlaíonn ná go dtagann an domhan idir an ghrian agus an ghealach agus titeann an ghealach faoi scáth an domhain[2]. Bhí lánurú gealaí ann ar an 28ú Meán Fómhair 2015. Thosaigh an t-urú[3] díreach i ndiaidh 1 a.m. agus mhair sé breis agus 5 uair an chloig. Mhair an lánurú féin ar feadh díreach breis agus uair an chloig.

Athghrianghraif thréimhsiúla* den urú mórghealaí, a mhair 5 uair an chloig.

An mhaidin sin, agus an t-urú ag tarlú, tharla sé go raibh mórghealach[4] ann chomh maith. Bíonn an ghealach ag gabháil timpeall an domhain i bhfithis éilipseach[5]. Nuair a bhíonn an ghealach ag an bpointe is gaire don domhan ar an bhfithis sin bíonn cuma níos mó agus níos gile uirthi. Mórghealach a thugtar air sin. Is annamh a bhíonn mórghealach agus urú gealaí ann an am céanna. Thiar in 1982 an uair dheireanach a thárla a leithéid agus ní tharlóidh sé arís go dtí 2033. D'fhan mo dhearthair Robbie ina shuí ar feadh na hoíche le sraith grianghraf a ghlacadh. Fad agus a bhíomar go seascair[6] sa leaba, chinntigh sé go mbeadh seans againn taitneamh a bhaint as an móreachtra neamhaí[7] sin.

A Léitheoir dhil

Fáilte chuig Eagrán an Gheimhridh de *Líon an Dúlra*. Mar is gnách tá sé lán le fíricí spéisiúla spraiúla faoin dúlra anseo in Éirinn agus thar lear, agus tá neart cluichí agus gníomhaíochtaí ann freisin. Tá súil againn go mbainfidh sibh sult as!

Susan

R-phost:
editor@naturesweb.ie
Láithreán Gréasáin:
www.naturesweb.ie
Eagarthóir:
Susan Murphy Wickens
Leagan Amach agus Dearadh:
Susan Murphy Wickens
Grianghraif agus Fáisc-ealaín: Cóipcheart © 2015 Stáisiún Mara Inis Arcáin agus a chuid ceadúnóirí. Gach ceart ar cosaint.
Comhfhreagraí Eachtrach:
Michael Ludwig
Leagan Gaeilge:
© Foras na Gaeilge 2016
© Stáisiún Mara Inis Arcáin 2015

Anraith Gambach Éisc *le cainneann agus bágún*

Íomhá le caoinchead Bhord Bia

Buíochas le Bord Bia www.bordbia.ie

Na Comhábháir: *(Bia do sheisear)*

- 700 g d'fhaoitín[1], an craiceann bainte de, na cnámha bainte as agus é gearrtha ina leadhba[2] 3 cm
- 1 taespúnóg d'ola ológ[3]
- 4 shlisín de bhágún stríocach[4] (agus é deataithe[5] más féidir). Bíodh sé mionghearrtha agus díslithe[6]
- Cnap ime
- 3 chainneann[7] measartha mór[8] agus iad mionghearrtha;
- 2 chlóbh gairleoige agus iad mionghearrtha.
- 500 g de phrátaí agus iad gearrtha ina gciúbanna beaga atá tuairim is 1.5 cm an ceann.
- 1 lítear de stoc éisc[9]
- Craiceann grátáilte líomóide[10]
- 600 ml de bhainne gan bhearradh[11]
- 340 g d'arbhar milis
- Dornán de shíobhas[12] agus é mionghearrtha
- 4 spúnóg bhoird d'uachtar (roghnach)
- Salann agus piobar dubh úrmheilte.

An Modh:

- Téigh an ola i sáspan mór. Cuir isteach an bagún agus sótáil[1] ar theas ard é go dtí go n-éiríonn sé briosc[2]. Aistrigh go pláta é.
- Cuir cnap ime isteach sa sáspan. Agus teas measartha faoin sáspan, cuir isteach na cainneanna agus an ghairleog. Frioch go réidh[3] ar feadh 5 nóiméad iad go dtí go n-éiríonn siad bog. Ná fág iad go dtí go dtagann dath orthu.
- Cuir na prátaí isteach leo agus cócaráil ar feadh nóiméad amháin eile iad. Doirt isteach an stoc agus an craiceann líomóide. Clúdaigh agus fág gach rud ar suanbhruith[4] ar feadh 12-15 nóiméad eile nó go n-éiríonn na prátaí bog.
- Úsáid spúnóg sliotán[5] agus bain a leath de na prátaí agus de na cainneanna as an stoc. Cuir ar leataobh iad.
- Maraon leis an mbainne, cuir fuílleach na bprátaí, na gcainneann agus an stoic isteach i bpróiseálaí bia[6]. Déan iad a mheilt go mion nó go n-éiríonn said mín.
- Doirt ar ais sa sáspan iad. Ansin cuir isteach an t-arbhar milis, an bagún, an t-iasc agus na prátaí agus na cainneanna a fágadh ar leataobh.
- Cuir clúdach ar an sáspan agus déan é a théamh ar theas réidh ar feadh 3-4 nóiméad go dtí go mbíonn an t-iasc díreach cócaráilte. Ná déan an t-iasc a bheiriú[7]. Measc isteach na síobhais agus an t-uachtar. Blas agus blastanaigh[8].

© Stáisiún Mara Inis Arcáin agus a chuid ceadúnóirí. Gach ceart ar cosaint.

Cáitheadh Sneachta!

Agus an geimhreadh buailte linn, seo 4 éan a bhfuil tagairt don sneachta mar chuid dá n-ainm.

An tUlchabhán Sneachtúil[1] *Bubo Scandiaca*

Is sna limistéir Artacha[2] i dtuaisceart na hEorpa, na Áise agus i dtuaisceart Mheiriceá Thuaidh a phóraíonn[3] an t-ulchabhán sneachtúil. Is san oíche a théann na hulchabháin ag seilg de ghnáth ach is nós leis an ulchabhán sneachtúil dul ag seilg i rith an lae agus i rith na hoíche. Ó am go chéile tagann ulchabhán sneachtúil chomh fada leis na portaigh[4] in Iarthar na hÉireann i rith an gheimhridh.

An Mhionghé Shneachta[5] *Chen Caerulescens*

Is i Meiriceá Thuaidh a fhaightear an mhionghé shneachta. Caitheann sí an geimhreadh i ndeisceart na hilchríche[6] sin. Agus an geimhreadh thart filleann sí ó thuaidh ar na fearainn phórúcháin[7] san Artach. Cluimhreach gheal a bhíonn ar an mionghé shneachta de ghnáth ach bíonn dath liath-dhonn ar an gcluimhreach uaireanta. Tagann an mhionghé shneachta go hÉirinn ó am go chéile.

An Ghealóg Shneachta[8] *Plectrophenax Nivalis*

Is sna limistéir Artacha a chuimsíonn Críoch Lochlann[9], an tSibéir, an Ghraonlainn, Alasca agus tuaisceart Cheanada a phóraíonn an ghealóg shneachta. Imíonn sí ó dheas le linn an gheimhridh. Tá gaol aici leis an ngealbhán[10]. Is annamh a thagann an ghealóg shneachta go hÉirinn ach feictear an corrcheann i Maigh Eo agus i nDún na nGall i rith an gheimhridh.

An Éigrit Shneachtúil[11] *Egretta Thula*

Corr an-ghrástúil[12] is ea an Éigrit Shneachtúil – í measartha ina méid[13]. Sa naoú haois déag bhíodh an-tóir uirthi ar mhaithe lena cluimhreach álainn bhán. Tharla titim thubaisteach, dá bharr sin, i líon n-éigritĺ. Ní bhíonn an éigrit shneachtúil faoi sheilg a thuilleadh agus tá méadú mór tagtha a líon anois. Faightear í i dTuaisceart Mheiriceá, i Meiriceá Láir, i nDeisceart Mheiriceá agus sa Mhuir Chairib. Taithíonn sí[14] an cósta den chuid is mó, ach feictear í sna bogaigh intíre freisin.

© Stáisiún Mara Inis Arcáin agus a chuid ceadúnóirí. Gach ceart ar cosaint.

An Réinfhia

Íomhánna le coiancheád Alan D. Wilson www.naturepicsonline.com

le Borbála Vizkelety

Ainm Eolaíochta: *Rangifer Tarandus*

Is fia é an réinfhia (nó an Carabú mar a thugtar air i Meiriceá Thuaidh) a fhaightear sa Ghraonlainn[1], sa Rúis, i gCríoch Lochlann[2], in Alasca agus i gCeanada. San Eoraip tá réinfhianna ceansaithe[3] á gcoinneáil ina mbeithígh feirme[4] le 3000 bliain anuas. Tugann siad bainne agus feoil agus úsáidtear na seithí chomh maith.

Bíonn **beanna**[5] móra suaithinseacha ar an réinfhia fireann is baineann araon. Fianna eile, ní bhíonn beanna ach ar an bhfhia fireann amháin. Bíonn beanna an fhia fhirinn níos mó, iad suas le 1.2 m ar fad. Bíonn beanna an fhia bhaininn tuairim is 0.5 m ar fad. Fásann na beanna as cnámha tosaigh na blaoisce[6]. Bíonn príomhghas[7] amháin ann agus fásann craobhacha[8] eile amach as an ngas sin. Titeann na beanna den réinfhia gach bliain, ach fásann cinn nua arís an bhliain dár gcionn.

Athraíonn **crúba**[9] an réinfhia leis na séasúir. Éiríonn na crúba bog i rith an tsamhraidh nuair a leánn an t-oighear agus an sneachta, agus nuair a thosaíonn an bháisteach. Cabhraíonn sé sin leis an réinfhia siúl ar thalamh riascach[10]. Sa gheimhreadh, éiríonn na crúba crua arís. Fágann sé sin go mbíonn sé ábalta tochailt tríd an oighear agus tríd an sneachta chun teacht ar bhia. Chomh maith leis sin stopann sé é ag sleamhnú ar an oighear.



Tá **srón** an réinfhia oiriúnaithe don fhuacht[11], leis. Nuair a análann an réinfhia aer isteach trína shrón téitear an t-aer sin suas[12] sa chaoi is nach mbíonn sé rófhuar agus é ag dul isteach sna scamhóga[13].



Tá **súile** iontacha ag an réinfhia freisin. I rith an tsamhraidh bíonn dath órga ar an *tapetum lucidum* – an chuid den tsúil atá díreach laistiar den reitine[14]. Ach i rith an gheimridh tagann dath gorm ar an gcuid sin den tsúil. Fágann sé sin go mbíonn radharc na súl i bhfad níos fearr ag an réinfhia le linn mhíonna fada an gheimhridh nuair a bhíonn sé an-dorcha.



Caitheann an réinfhia formhór mór a shaoil in áiteanna fuara. Chun é a chosaint ón bhfuacht sin bíonn a cholainn ar fad clúdaithe le **fionnadh**[15] óna shrón go dtí boinn na gcrúb. Bíonn éagsúlacht san fhionnadh sin ag brath ar an speiceas, an inscne, ar an ngáthóg[16], agus ag brath ar na séasúir. Bíonn réimse dathanna i gceist – dath donn, bán, crón agus liath. Is minic a bhíonn dath dorcha ar an bhfionnadh sa samhradh agus dath níos gile air sa gheimhreadh. Bíonn dhá chiseal[17] san fhionnadh – bunchóta tiubh lomrach[18] d'fhionnadh mín, agus barrchóta de ribí fada tolla[19] a ghabhann an t-aer agus a chaomhnaíonn teas na colainne[20].

Is athchogantach[21] é an réinfhia. Tá ceithre (4) sheoimrín[22] sa ghoile aige. Itheann sé léicean[23], féar, cíbleach[24], duilleoga saili[2] agus beithe[25].

Ar scáth a chéile

Ainmhí tréada[1] is ea an réinfhia. Maireann siad le chéile i dtréada ina mbíonn idir deich bhfia agus cúpla céad fia.

Tugann na tréada aghaidh ó dheas[2] sa gheimhreadh nuair a éiríonn an bia gann[3]. Taistealaíonn tréada áirithe suas le 6000 km sa bhliain, sin aistear níos faide ná ainmhí talún ar bith eile. Tréada eile ní thaistealaíonn siad ach achar réasúnta gairid.

Tig leis an réinfhia rith ar luas 80 km san uair agus is gnách dóibh taisteal idir 19 -55 km in aghaidh an lae agus iad ar imirce[4].

An Teaghlach

Carria[1] a thugtar ar an réinfhia fireann, **eilit**[2] a thugtar ar an réinfhia baineann agus **oisín**[3] a thugtar ar an gceann óg. Cúplálann[4] an réinfhia idir Mí Mheán Fómhair agus tús mhí na Samhna. Cuireann na carrianna troid ar a chéile chun na heilití a mhealladh[5]. Baineann na carianna lán-úsáid as a mbeanna agus iad i mbun troda. Beireann[6] na heilití na hoisíní idir mí na Bealtaine agus mí an Mheithimh, oisín aonair a bheireann siad de ghnáth. Maireann réinfhia idir 12 agus 15 bliain, ach maireann corrcheann suas le 20 bliain.

© Stáisiún Mara Inis Arcáin agus a chuid ceadúnóirí. Gach ceart ar cosaint.

https://www.flickr.com/photos/mmmavocado/6998639597/in/photostream/ CC BY 4.0

Fanaile

Le Yolanda Aze

Ainm Eolaíochta: *Vanilla planifolia*

Is cinnte go n-aithneoidh an chuid is mó againn blas agus boladh an fhanaile[1]. Cuirtear in uachtar reoite é, i gcreatháin bhainne[2], i mbrioscaí agus i gcácaí agus go leor eile.

Ach cad as a dtagann an fanaile? Is é atá san fhanaile ceart ná na torthaí triomaithe ó mhagairlíní áirithe[3] – *Vanilla planifolia* den chuid is mó. Fásann an magairlín fanaile sna foraoiseacha tropaiceacha[4] i Meiriceá Láir agus i Meicsiceo. Planda dreaptha[5] is ea é a fhásann suas le 30 m ar fad. Fástar anois é ar fheirmeacha i dtíortha ar fud an domhain i Madagascar, sa tSín, agus san Indinéis.

Ba iad na hAstacaigh[6] a bhain úsáid as an fanaile ar dtús le blas breise a chur ar chócó. San fhiántas déanann na beacha agus dordéin[7] na plandaí a phailniú[8]. Ach déantar iad a phailniú de láimh anois ar na feirmeacha. Fásann na torthaí, nó na faighneoga[9], thar thréimhse ceithre (4) seachtaine. Nuair a bhaintear na faighneoga cuirtear ar maos iad[10] in uisce te. Fágtar ann iad le triomú ar feadh tréimhse a mhaireann idir dhá (2) mhí agus 6 mhí le go mbeadh na síolta sna faighneoga aibí a ndóthain[11] le húsáid. Próiseas costasach is ea é agus bíonn an fanaile féin an-daor le ceannach dá réir. Go deimhin, tá fanaile ar an dara spíosra is costasaí[12] ar domhan. Is é an cróch[13] an spíosra is costasaí ar fad. Toisc an fanaile a bheith chomh daor sin is minic a bhaintear úsáid as blasóirí fanaile saorga[14] sa chócaireacht, seachas síolta fanaile mar bíonn na blasóirí saorga sin i bhfad níos saoire.

Fanaile sa chócaireacht

Úsc Fanaile

Sa chócaireacht áirítear an fanaile mar spíosra[1]. Is sna síolta den chuid is mó a bhíonn an blas, ach bíonn blas ar an bhfaighneog féin freisin. Is féidir siúcra fanaile a dhéanamh ach faighneog fanaile a chur i bpróca siúcra ar feadh cúpla seachtain.

De ghnáth is féidir teacht ar bhlasóir fanaile[2] in aice leis na hearraí bácála[3] san ollmhargadh. Seachas na síolta agus na faighneoga iad féin, tá dhá chineál blásóra ann: **úscra fanaile**[4] agus **úsc fanaile**[5].

Táirge sintéiseach[6] is ea úscra fanaile, is measc an é de cheimiceáin agus de bhlasanna saorga eile a dhéanann aithris[7] ar an mblas a bhíonn ar an bhfanaile ceart.

Chun úsc fanaile a dhéanamh cuirtear faighneoga fanaile ar maos in uisce agus alcól eitile[8] chun an blas agus an boladh a bhaint astu. Bíonn úscra fanaile i bhfad níos saoire le ceannach agus dá bharr sin is minic a bhaintear úsáid as sin i mbia seachas úsc nó síolta fanaile.

Bíonn tóir ar an bhfanaile mar chumhracht[9] le cur le coinnle.

Faighneoga Fanaile

Tá na faighneoga[1] fada a fhásann ar an bplanda fanaile an-chosúil le pónairí reatha[2]. Is as na torthaí triomaithe sin a bhaintear an blas ar fad. Bíonn na mílte síolta dubha bídeacha laistigh de gach faighneog. Feictear iad uaireanta in uachtar reoite saibhir fanaile[3].

https://commons.wikimedia.org/wiki/File:Vanilla_6beans.JPG CC BY-SA 3.0

© Stáisiún Mara Inis Arcáin agus a chuid ceadúnóirí. Gach ceart ar cosaint.

Spúinsí

Ainm Eolaíochta: *Porifera*

Cén cineál ruda é spúinse[1]? Is dócha nár chuir tú an cheist áirithe sin ort féin riamh. Ach creid é, nó ná creid, is ainmhí é an spúinse, ainmhí fíorshimplí. De ghnáth, faightear spúinsí in íochtar an chladaigh[2] faoi charraigeacha agus i scáintí taise[3].

Cé go mbíonn cruthanna difriúla ar spúinsí éagsúla bíonn an bhunchreatlach[4] chéanna iontu ar fad. Iompraíonn an chreatlach sin córas de chanálacha a iompraíonn uisce trí chorp an spúinse.

Bíonn an taobh amuigh den spúinse breac le poill, nó piocháin[5] bheaga bhídeacha ar a dtugtar oscailtí ionanálacha[6]. Súnn an spúinse uisce na farraige, nó sáile mar a thugtar air, isteach tríd na piocháin bheaga sin agus scagann[7] sé na blúirí beaga bia amach as. Ansin scaoiltear fuíollábhar[8] amach san fharraige trí oscailtí móra ar a dtugtar béil easanálacha[9].

Maireann na spúinsí fásta ar charraigeacha nó ar shliogáin. Beireann spúinsí uibheacha agus scaoileann siad amach san fharraige iad. Snámhann siad leo agus scaiptear iad ar fud na farraige.

Bíonn tionchar ag an timpeallacht ina bhfuil spúinse ag fás ar an gcruth a bhíonn air. In áit oscailte ina mbeadh sruthanna láidre[10] agus ag tonnta ag briseadh is gnách go mbíonn cruth cruinn[11] nó cruth maol leacaithe[12] fiú ar na spúinsí. Ní dhéanann tarraingt na farraige an oiread sin dochair don spúinse agus cruth mar sin air. Má tá an spúinse ag fás in áit fhoscúil[13] is minic a fhásfaidh an spúinse suas in airde agus a bhíonn géaga míne[14] fada orthu.

Íomhánna le caoinchead Paul Kay



An Spúinse Grabhrógach

Tá an Spúinse Grabhrógach[15] (*Halichondria Panicea*) ar cheann de na spúinsí is coitianta a fheictear ar an gcladach. Fásann sé ina phaistí screamhacha[16] ar charraigeacha agus ar ghais cheilpe[17].

An Spúinse Oráiste

Faightear an Spúinse Oráiste (*Hymeniacidon Perleve*) in aice leis an Spúinse Grabhrógach go minic. Bíonn dath oráiste air agus dromchla cnapánach[1]. Murab ionann agus spúinsí eile ní bhíonn cruth bolcánach[2] ar oscailtí an spúinse oráiste.

Spúinse Tíopúil

Oscailtí bídeacha ionanálacha trína súitear uisce isteach sa spúinse



Oscailtí móra easanálacha a scaoileann fuíollábhar agus uisce amach as an spúinse.

Spúinsí Folctha

Cé gur spúinsí saorga[1] iad na cinn a úsáidimid chun sinn féin a ní, is féidir spúinsí nádúrtha farraige a cheannach freisin.

© Stáisiún Mara Inis Arcáin agus a chuid ceadúnóirí. Gach ceart ar cosaint.

Terri Kearnay – Ionad Oidhreachta an Sciobairín

Próifíl

Is staraí í Terri Kearney, oibríonn sí in Ionad Oidhreachta an Sciobairín[1] i gCo. Chorcaí.
www.skibbereenheritage.com

Cá mbíonn tú ag obair?

Den chuid is mó bím ag obair in Ionad Oidhreachta an Sciobairín, ach bíonn go leor eile ar siúl agam freisin! Bíonn taispeántais[2] ar bun san ionad faoin nGorta Mór agus faoi Loch Oighinn, an loch sáile sa cheantar. Cuirimid eolas ar fáil maidir le cúrsaí ginealais[3] freisin.

Tá roinnt leabhar scríofa agam faoin gceantar seo – dhá cheann faoi Loch Oighinn agus ceann amháin faoin nGorta Mór. Nuair a scríobhann tú leabhar faoi do cheantar féin foghlaimíonn tú an t-uafás faoi d'áit dúchais[4] agus faoi mhuintir na háite.

Eagraímid imeachtaí eile ag an Ionad Oidhreachta leis. Rinneamar suirbhéireacht[5] ar reiligí[6] an cheantair agus d'fhoilsíomar aip[7] dar teideal *Skibbereen: The Famine Story*. Bhí tuairisc faoin aip sin ar an *History Show* ar RTÉ Raidió 1. Reáchtálaimid imeachtaí do Sheachtain na hOidhreachta gach bliain. Is iontach an rud é an éagsúlacht sin san obair, mar ní éiríonn an obair leadránach[8] riamh.

Cén sórt lá oibre a bhíonn agat?

Ní hionann aon dá lá oibre againn. Cuirimid fáilte san ionad roimh chuairteoirí as gach cearn den domhan[9]. Is iontach an rud é aithne a chur ar dhaoine nua gach lá! Cuireann daoine an-spéis ina ngineálach[10] féin agus i stair a muintire féin. Uaireanta roinneann siad scéalta do-chreidte[11] linn faoi na rudaí a tharla dá muintir tar éis dóibh dul ar imirce as Éirinn.

I rith an tsamhraidh eagraímid turais treoraithe[12] do thurasóirí agus is iondúil go bhfoghlaimím féin rud éigin nua ar gach turas.

Sa gheimhreadh, bíonn an t-ionad níos ciúine agus is nós linn a bheith ag obair ar thionscadail nua. Anuraidh, d'fhoilsíomar leabhar agus aip dar teideal *Skibbereen: The Famine Story*. Is scéal brónach truamhéalach é ach tá sé tábhachtach gan dearmad a dhéanamh ar an méid a d'fhulaing ár sinsir in aimsir an Ghorta[13]. Ó am go chéile tagann foirne teilifíse[14] chuig an ionad oidhreachta chun cláir faisnéise[15] a thaifeadadh. Rinne mé agallamh faoin nGorta Mór ar BBC3 agus BBC4 anuraidh agus rinne UTV clár faisnéise faoi Loch Oiginn a d'eascair[16] as leabhar a scríobh mé faoin Loch.

Cad ba mhaith leat a dhéanamh mura mbeadh an post seo agat?

Nuair a bhí mé ag scríobh faoin taighde mara a bhíonn ar siúl ar Loch Oighinn chuir mé aithne ar go leor de na heolaithe[17] a bhíonn i mbun na hoibre sin. Bímse ag cabhrú leo leis an obair sin anois ó am go chéile.

Nuair a bhíonn Seachtain na hOidhreachta ar siúl tagann eolaithe ó Choláiste na hOllscoile, i gCorcaigh chugainn agus bíonn umair thadhaill[18] againn ag an ionad oidhreachta. Bíonn cuid de na speicis éagsúla ón Loch sna humair tadhaill, labhraíonn na heolaithe fúthu agus bíonn na cuairteoirí ábalta iad a láimhseáil[19]. Is mór an spraoi é agus bíonn sé an-suimiúil do deo. Mura mbeinn i mo staraí, mar sin, ba mhaith liom a bheith i m'eolaí mara[20]. Le fírinne, ba mhaith liom an dá rud a dhéanamh!

Cad é an chomhairle is fearr a cuireadh ort riamh?

Obair a fháil a mbeinn sásta a dhéanamh saor in aisce fiú. Is iontach an rud é domsa go n-íoctar mé as stair an cheantair a roinnt le daoine eile.

Ionad Oidhreachta an Sciobairín, Contae Chorcaí

Foilseacháin faoi Loch Oighinn

Terri ag an umar tadhaill i rith Sheachtain na hOidhreachta

Loch Oighinn, An Sciobairín, Co. Chorcaí

© Stáisiún Mara Inis Arcáin agus a chuid ceadúnóirí. Gach ceart ar cosaint.

An Laplainn

Le Borbála Vízkelety

Radharc ó shliabh Galtispouda in Arjeplog na Sualainne.

CC BY-SA 3.0 http://en.wikipedia.org/wiki/User:Pleclown

Cuimsíonn an Laplainn cheithre (4) thír éagsúla i dtuaisceart Leithinis Chríoch Lochlainn[1] – an Iorua[2], an tSualainn[3], an Fhionlainn[4] agus an Rúis – sin achar de 388,350 km[2], nó mar sin. Tá an chuid is mó den Laplainn taobh ó thuaidh den Chiorcal Artach[5] agus tá éagsúlacht mhór[6] ag baint leis an tírdreach[7] ann. San iarthar, tá fiordanna[8], gleannta doimhne[9], oighearshruthanna[10] agus sléibhte. Aibhneacha móra, riasca[11] agus lochanna is mó a fhaightear sa chuid eile den limistéar. Tá foraoiseacha fairsinge péine[12] agus beithe[13] ar fud na Laplainne. Sna coillte agus sna portaigh fásann thart ar 50 speiceas de chaora fiáine[14], ina measc sin: fraocháin ghorma[15], bódhearca[16] agus eithreoga sléibhe[17], toradh a mbíonn an-tóir air. Fásann go leor speiceas de chaonach[18] agus de léicin[19] ar fud na Laplainne freisin. An tundra[20] a thugtar ar an limistéar níos faide ó thuaidh. Bíonn sé an-fhuar ann agus bíonn an samhradh an-ghearr. Dá bharr sin, éiríonn na crainn níos teirce[21] dé réir mar a théann tú ó thuaidh[22], iad níos lú agus níos scaipthe amach óna chéile.

An Pobal Sámach

CC BY 2.0 https://en.wikipedia.org/wiki/Sami_people#/media/File:Sami_family-easter.jpg

Is iad na Sámaigh[1], nó an pobal Sámach pobal bundúchasach[2] na Laplainne. Tugann siad *Sápmi* ar a dtír dúchais agus maireann tuairim agus 70,000 díobh ann. Idir theangacha agus chanúintí[3] tá tuairim is 10 dteanga Shámach ar leith ann.

Gákti a thugtar ar na héadaí traidisiúnta a chaitheann na Sámaigh agus is as leathar an réinfhia a dhéantaí iad go traidisiúnta. Bíonn brí ar leith ag na patrúin agus na dathanna éagsúla a bhíonn ar na héadaí. Is féidir an áit arb as do dhuine a dhéanamh amach ó na héadaí agus na dathanna agus na patrúin atá orthu. Is féidir a aithint cé acu pósta nó singil atá duine óna gcuid éadaí agus uaireanta cén teaghlach lena mbaineann siad, fiú.

Fiadhúlra

Toisc go bhfuil sé chomh fuar ann ní fhaightear mórán mamach[1] sa Laplainn. Is iad an mús agus an réinfhia na hainimhithe is mó agus is tábhachtaí orthu. Faightear béir agus mic tíre[2] go coitianta sa limistéar freisin. Chomh maith leo sin faightear an lincse[3] agus an sionnach Artach[4] ann, dhá speiceas atá faoi chosaint[5]. Maireann roinnt éan sa Laplainn nach bhfaightear in áit ar bith eile san Eoraip, mar shampla an t-ulchabhán mór liath[6] agus an scréachóg Shibéarach[7].

Na Gealáin Thuaidh



Le caoinchead Robbie Murphy

Bíonn radharc suaithinseach[1] speisialta le feiceáil sa spéir ar fud na Laplainne, an *Aurora Borealis,* nó na Gealáin Thuaidh[2], mar a thugtar air.

Is é is cúis leis[3] na Gealáin Thuaidh na cáithníní[4] a scaoiltear amach as atmaisféar na gréine[5] ag bualadh i gcoinne cáithníní in atmaisféar an domhain féin. Mar thoradh air sin bíonn dathanna áille le feiceáil sa spéir.

An Aeráid agus an Aimsir sa Laplainn

Cé go mbíonn an aimsir beagáinín níos cineálta[1] sa deisceart, den chuid is mó bíonn an aeráid[2] chéanna ann ar fud na Laplainne. Samhradh gearr cineálta a bhíonn ann agus geimhreadh fada fuar agus go leor leor sneachta. Tagann an geimhreadh i mí Dheireadh Fómhair nó i mí na Samhna agus maireann sé go dtí mí an Mhárta nó mí Aibreáin. Ag brath ar an áit ina mbeifeá, bíonn an meánteocht[3] idir - 16° agus 3°. Anois is arís titeann an teocht go dtí - 30° nó níos fuaire de bharr ghoimh na gaoithe[4]. De bharr go bhfuil an t-aer an-tirim, braitheann daoine an teocht a bheith níos airde ná mar atá sé dáiríre.

CC BY-SA 3.0 https://common.wikipedia.org/wiki/File:LocationSapmi.png#/media/File:LocationSapmi.png

I rith an gheimhridh ní bhíonn ach cúpla uair an chloig de sholas an lae ann i gcaitheamh an lae, idir 10 a.m. agus 2 p.m. ar an meán. Ach i rith an tsamhraidh ní théann an ghrian faoi in aon chor. Bíonn an ghrian le feiceáil ar feadh na hoíche agus ní éiríonn sé dorcha in aon chor, rud ar a dtugtar grian an mheán oíche. Maireann an samhradh ar feadh 1.5 mí nó suas le 3.5 mí i gceantair áirithe. Bíonn teocht idir 10° agus 20° ann ar an meán.

An Laplainn

© Stáisiún Mara Inis Arcáin agus a chuid ceadúnóirí. Gach ceart ar cosaint.

FEAR SNEACHTA!

© Stáisiún Mara Inis Arcáin agus a chuid ceadúnóirí. Gach ceart ar cosaint.

Eoin Ó Foghlú

Hóra, a chairde,

Seo chugaibh roinnt fíricí spéisiúla[1] faoin bhfarraige is dócha nach raibh ar eolas agaibh.

- Clúdaíonn an fharraige 70% de dhromchla an domhain[2].
- Is san fharraige a ghintear[3] 50% den ocsaigin in atmaisféar an domhain. Cuimhnigh air sin, gach re anáil[4] a thógann tú, tagann an ocsaigin a theastaíonn chuici ón bhfarraige. Ní haon dóithín é sin[5]!
- Tá níos mó daoine tar éis siúl ar an ngealach (12) ná mar atá tar éis dul go dtí an duibheagán is doimhne[6] san fharraige!
- Nuair a chaitear drámhaíl phlaisteach[7] san fharraige fanann an drámhaíl sin san fharraige go deo!

Ciallaíonn 'Feasacht ar an bhFarraige' go dtuigimid an tionchar a bhíonn ag an bhfarraige orainn féin mar aon leis an tionchar a bhíonn againne ar an bhfarraige. Tá sé bunaithe ar sheacht bprionsabal[8], seo thíos iad!

Na Seacht bPrionsabal

1. Níl ann ach aon fharraige mhór amháin i ndáiríre, ach go bhfuil airíonna éagsúla[1] ag baint le codanna éagsúla di.
2. Is í an fharraige agus beathra[2] na farraige a mhúnlaíonn gnéithe fisiceacha[3] an domhain.
3. Bíonn tionchar mór ag an bhfarraige ar aimsir agus ar aeráid[4] an domhain.
4. Tá gach dúil bheo[5] ar domhan ag brath ar an bhfarraige ar shlí éigin.
5. Cothaíonn[6] an fharraige éagsúlacht mhór[7] sa bheathra agus sna héiceachórais[8] a fhaightear inti.
6. Tá gaol dobhriste[9] idir an fharraige agus an duine daonna.
7. Níl eolas curtha againn ach ar an gcuid is lú den fharraige go fóill.

Sceitseanna agus téacs –John Joyce

An Chéad (1ú) Phrionsabal

1. Níl ann ach aon fharraige mhór amháin i ndáiríre, ach go bhfuil airíonna éagsúla ag baint le codanna éagsúla di.

Cé go mbítear ag caint faoi *fharraigí* an domhain[1], níl ann i ndáiríre ach aon fharraige mhór amháin agus ainmneacha difriúla ar chodanna difriúla di.

De bharr gur aon fharraige amháin atá ann, is féidir seoladh ar fud an domhain agus gan aon bhac a beith romhat.

Is í an fharraige an ghné gheografach[2] is mó ar domhan. Faoi dhromchla na farraige tá sléibhte atá chomh hard le Sliabh Everest agus cainneoin[3] atá i bhfad níos faide agus níos doimhne ná Cainneon Mór Mheiriceá[4].

Is í an fharraige a rialaíonn aeráid an domhain, is í a dhéanann an teocht ar fud an domhain a chobhsú[5]. Is iad ná gáis a scaoiltear amach as an bhfarraige a thugann an t-atmaisféar dúinn. Cosnaíonn sé sin gach dúil bheo[6] ar domhan ar an radaíocht chontúirteach[7] sa solas ultraivialaite[8] a thagann ón ngrian.

Nóta don Mhúinteoir

Níl 'Feasacht ar an bhFarraige' ina ábhar curaclaim[1] ach is féidir blas na farraige a chur ar shnáitheanna[2] den churaclam ach samplaí a bhaineann leis an bhfarraige a úsáid.

Is fiú súil a chaitheamh ar Chlár Oideachais na dTaiscéalaithe[3] a chuireann Foras na Mara ar fáil agus atá curtha in oiriúint don Churaclam um Oideachas Sóisialta Imshaoil agus Eolaíochta[4] ag www.explorers.ie

Tá láithreán spéisiúil ag Cumann Eorpach na nOideoirí Muireolaíochta[5] ag www.emsea.eu/.

Breis eolais: http://oceanliteracy.wp2.coexploration.
http://www.sherkinmarine.ie/childrenscorner.htm

© Stáisiún Mara Inis Arcáin agus a chuid ceadúnóirí. Gach ceart ar cosaint.

An Saol Mórthimpeall Orainn

Cé a chasfaí orm i gcumar ceo, ach... capaillín agus é péinteáilte?

Is minic a bhíonn síon[1] agus ceo ar na móinteáin[2] ar Dartmoor Shasana. Gan dabht, bíonn sé comh ceomhar sin go maraítear mórán ainmhithe ar na bóithre ann, go háirithe i rith an gheimhridh. Bíonn capaillíní fiáine[3] amuigh ar na móinteáin agus gortaíodh tuairim is 74 díobh ar na bóithre anuraidh de bharr na drochaimsire.

Anois tá na húdaráis áitiúla[4] tar éis cur chuige an-nuálach[5] a ghlacadh chucu féin chun líon na dtimpistí sin a laghdú. Tá siad ag péinteáil stríocaí de phéint speisialta fhrithchaiteach[6] ar na capaillíní le súil go mbeidh sé níos fusa do thiománaithe iad a fheiceáil sa cheo. Má éiríonn leis an gcur chuige sin tá i gceist acu an phéint a chur ar eallach[7] freisin, a leithéid!

Bímis buíoch nach gá dúinne sinn féin a phéinteáil sula dtéimid amach. Ní gá dúinne ach éadaí geala agus rud éigin frithchaiteach a chur orainn – ach b'fhéidir gurbh fhearr leatsa stríocaí de phéint fhrithchaiteach ort chun tú féin a choinneáil slán, fút féin é sin!



Súil sa Spéir

Bíonn an-tóir ag daoine ar na dróin[1] (nó na ladrainn[2] mar a thugtar orthu freisin) na laethanta seo, na haerárthaigh chianrialaithe[3] sin. Ach ní mar spraoi agus mar chaitheamh aimisre amháin is féidir iad a úsáid. I Meiriceá Thuaidh úsáideann eolaithe iad chun taighde a dhéanamh ar ainmhithe.

Mar shampla, tá an chráin dhubh dheisceartach[4] go mór faoi bhagairt mar speiceas. Faightear í timpeall ar Oileáin San Juan atá suite taobh ó thuaidh de Seattle, ar chósta thiar Mheiriceá. Níl ach 81 de na míolta móra sin fágtha san fhiántas. Ach ní raibh a fhios ag na heolaithe cé mhéad díobh a bhí ann go dtí gur bhain siad leas as dróin le grianghraif a ghlacadh díobh.

A bhuíochas leis na dróin agus na grianghraif a ghlac siad, tá i bhfad Éireann níos mó ar eolas ag na heolaithe mar gheall ar na míolta móra sin anois. D'éirigh leo go leor a fhoghlaim faoi shláinte na na-inmhithe agus faoi na nósanna pórúcháin[5] atá acu. Bhí siad ábalta súil a choimeád orthu a fháil amach an raibh ag éirí leo cranacha dubha óga a thabhairt ar an saol.

Na dróin abú!

Grianghraf le caoinchead NOAA/Vancouver Aquarium

Mamat lomrach

Abair dá mbeifeá i d'fheirmeoir ag obair faoin ngort lá agus go nochtfaí cnámharlach mamait[1] faoi do shluasaid[2].

Tharla a leithéid do bheirt fheirmeoirí i Michigan sna Stáit Aontaithe agus draein á tochailt acu. Tháinig saineolaithe ó Iarsmalann na Pailé-ointeolaíochta[3] in Ollscoil Michigan chun an cnámharlach a thógáil as an talamh. Ach b'éigean dóibh an obair sin a dhéanamh in aon lá amháin mar go raibh ar na feirmeoirí an fómhar a bhaint[4] sa ghort ina bhfuarthas an cnámharlach.

Tá an cnámharlach ar cheann de na samplaí is fearr agus is iomláine a aimsíodh riamh. Ó thástáil a rinneadh air, déanann na heolaithe amach go raibh an mamat beo tuairim is 15,000 bliain ó shin.

Mar a shiúlann an portán críonna ...

Uair sa bhliain in Oileán na Nollag siúlann 50 milliún portán dearg amach as na coillte agus síos go dtí an fharraige chun pórú[1].

Cheapfá go gcuirfeadh sé sin isteach ar mhuintir an oileáin, b'fhéidir. Ach ní dhéanann, ach a mhalairt. Déanann muintir an oileáin tréaniarracht[2] na portáin a chosaint agus a thabhairt slán agus iad a mbealach síos chun na farraige.

Tá breis agus 20 km de bhacainní plaisteacha curtha suas feadh na mbóithre chun na portáin a threorú go dtí tolláin nó íosbhealaí speisialta[3]. Bíonn na portáin ábalta dul trasna an bhóthair go slán sábháilte ansin.

Meallann imirce sin na bportán[4] turasóirí go leor chun an oileáin chun an radharc iontach a fheiceáil. Togadh droichead nua ar an oileán chun na portáin a thabhairt slán trasna an bhóthair. Anois tá na turasaóirí ag cur an oiread céanna spéise sa droichead nua sin is atá sna portáin féin. 'Droichead na bPortán' a thugtar air. Stiúrann an droichead sin na portáin 5 m in airde thar bhóthar mór tráchta. Cén áit eile ar domhan a bhféadfá dul ag spaisteoireacht[5] leis na portáin?

© Stáisiún Mara Inis Arcáin agus a chuid ceadúnóirí. Gach ceart ar cosaint.

Leabhair Dhathúcháin - Leabhair Ghníomhaíochta - Treoirleabhair

Costas: €2.10 an ceann, postas san áireamh *nó* **7** leabhar ar **€13.00**, postas agus pacáistiú san áireamh.
32 *lch*

Tá leabhair dhathúcháin, leabhair ghníomhaíochta agus treoirleabhair curtha i gcló ag Stáisiún Mara Inis Arcáin.
Colouring and Guide book: Deis le heolas a chur ar fhiadhúlra na hÉireann agus le cineálacha ainmhithe a aithint agus a dhathú.
My Nature Diary: Leathanaigh línithe inar féidir cuntas agus nuacht a thaifeadadh ar an bhfiadhúlra a fheiceann tú.

Ireland's Wild Flowers
Gheobhaidh tú tús eolais ar mhórán bláthanna fiáine coitianta a fhaightear ar fud na hÉireann.
Costas: €8.50, postas san áireamh *206 lch*

An Gheolaíocht - Ó Bhun go Barr
Leagan Gaeilge de *A-Z of Geology.* Domhan iontach na gcarraigeacha agus na geolaíochta. Lena n-áirítear bolcáin, súnámaithe, creathanna talún, diamaint, ór agus dineasáir fiú. Sin ábhar an leabhair seo. Béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann leis an ngeolaíocht inár saol is aidhm don leabhar seo. Stáisiún Mara Inis Arcáin a chuir an leabhar le chéile, i gcomhar le Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann. **Costas: €6.00**.
Ar fáil ar líne ó Shuirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann.
http://www.gsi.ie/gsishop/



DVD - *On the Water's Edge*
Beathra na Mara - DVD ó Stáisiún Mara Inis Arcáin é seo. Gearrscannáin faoi bheathra cois mara agus é curtha i láthair ag Audrey Murphy. Tá 6-10 n-uair an chloig d'ábhar idirghníomhach ann do pháistí de gach aois. Ar fáil uatha seo: Stáisiún Mara Inis Arcáin, Inis Arcáin, Contae Chorcaí. **Costas: €6.00, móide postas €1.**



Leabhar a ordú: Cuir d'ainm agus do sheoladh, mar aon le seic, nó ordú poist iníoctha le Stáisiún Mara Inis Arcáin, chucu seo: Stáisiún Mara Inis Arcáin, Inis Arcáin, Contae Chorcaí, Éire nó triail www.sherkinmarine.ie agus ordaigh trí *PayPal*.

Seoltaí Fónta Gréasáin[1]

Is iomaí láithreán gréasáin ar an idirlíon ar a bhfaightear tuilleadh eolais faoi na hábhair a phléamar sa nuachtlitir seo. Seo a leanas roinnt acu:

Urú Mórghealaí: http://www.space.com/30672-supermoon-lunar-eclipse-thrills-skywatchers-photos.html

An tUlchabhán Sneachtúil: http://www.birdwatchireland.ie/IrelandsBirds/Owls/SnowyOwl/tabid/1125/Default.asapx

An Mhionghé Shneachta: http://www.birdwatchireland.ie/IrelandsBirds/Geese/SnowGoose/tabid/1076/Default.aspx

An Ghealóg Shneachta: http://www.birdwatchireland.ie/IrelandsBirds/Sparrowsfinchesbuntings/SnowBunting/tabid/1059/Default.aspx

An Éigrit Shneachtúil: https://www.allaboutbirds.org/guide/Snowy_Egret/id

An Réinfhia: http://www.visitfinland.com/article/reindeer-ride/

Spúinsí: http://species-identification.org/index.php?selectie=15&hoofdgroepen_pad=%2C1%2C15&groep=Sponges&eerst_getoonde_soort=16

Ionad Oidhreachta an Sciobairín: http://www.skibbheritage.com/

An Laplainn: http://www.visitsweden.com/sweden/Regions--Cities/Northern-Sweden/Swedish-Lapland/

Eoin Ó Foghlú: https://www.facebook.com/BlackJohntheBogusPirate/



An Chráin Dhubh Dheisceartach: http://www.nmfs.noaa.gov/podcasts/2015/10/uav_killer_whale.html

Portán Oileán na Nollag: https://www.christmas.net.au/experiences/red-crab-migration.html

Sábháilteacht: http://www.rsa.ie/en/RSA/Road-Safety/Road-safety-for-kids/

Fanaile: http://www.kew.org/science-conservation/plants-fungi/vanilla-planifolia-vanilla

An Mamat Lomrach: http://www.bbc.com/news/world-us-canada-34428963

Ainmneacha ar Stoirmeacha: http://www.met.ie/news/display.asp?ID=353

Ní féidir linn bheith freagrach as ábhar ar bith ar láithreáin sheachtracha ghréasáin[2]. Bí san airdeall agus láithréan ar bith á oscailt agat. Bíodh múinteoir nó tuismaitheoir in éineacht le páistí agus iad ag féachaint ar an idirlíon.

© Stáisiún Mara Inis Arcáin agus a chuid ceadúnóirí. Gach ceart ar cosaint.

Déan cártaí de do chuid féin

Is mór an spraoi é do chuid cártaí féin a dhéanamh. Lean na treoracha seo thíos agus beidh tú ábalta cártaí áille a dhéanamh. Sa sampla seo tá pictiúr de phiongain in úsáid. Ach dá mba mhaith leat é, d'fhéadfá pictiúr de rud ar bith a tharraingt agus a úsáid. Bain spraoi as, sin an rud is tábhachtaí ar fad!

Teastóidh:

- Cúr ceardaíochta[1]
- Páipéar
- Peann luaidhe
- Siosúr
- Próca
- Maide gliú[2]
- Dathanna

1. Tarraing imlíne[3] de phiongain ar pháipéar le peann luaidhe. Leag an paipéar sin anuas ar an gcúr ceardaíochta. Rianaigh[4] an imlíne arís le peann luaidhe. Brúigh síos go trom leis an bpeann luaidhe chun go mbeidh rian na himlíne le feiceáil go soiléir ar an gcúr.



2. Anois bain úsáid as marcóir chun an imlíne arinne tú sa chúr a dhéanamh níos soiléire.

3. Faigh siosúr agus gearr amach an cruth. Ansin lean na céimeanna céanna arís agus déan an dara cruth piongaine.

4. Gliúáil an dá chruth dá chéile. Anois greamaigh an cruth dúbailte sin den phróca chun stampa de phiongain a dhéanamh.

5. Faigh spúinse agus cuir dúch[5] nó péint ar an stampa. Toisc go bhfuil dhá chruth cúir greamaithe le chéile, beidh sé ag gobadh amach[6] píosa ó dhromchla[7] an phróca. Mar sin, níor cheart go rachadh péint nó dúch ar bith ar an bpróca féin.

6. Fill bileog páipéir A4 ina dhá leath. Brúigh an stampa anuas air, mar atá léirithe. Rolláil an próca ó thaobh go taobh chun a chinntiú go mbuaileann gach cuid den chruth piongaine an páipéar.

7. Lean ort agus clúdaigh an cárta ar fad. D'fhéadfá iad a chur taobh le taobh nó pátrún de do chuid féin a dhéanamh.

8. Tarraing súile, goba agus cosa ar na piongainí, nó hata Nollag fiú.
Beidh cárta álainn déanta agat!

© Stáisiún Mara Inis Arcáin agus a chuid ceadúnóirí. Gach ceart ar cosaint.

Cad a d'fhoghlaim tú?

Tá freagraí na gceisteanna seo le fáil sa nuachtlitir seo... Meas tú an cuimhin leat iad?

1. Cad a thugtar ar an réinfhia fireann?
2. Cá n-oibríonn Terri Kearney
3. Cén dath a bhíonn ar phortáin Oileán na Nollag?
4. Cén áit a mbíonn an planda fanaile ag fás san fhiántas?
5. Cén fad ama a mhair an t-urú mórghealaí i mí Mheán Fómhair 2015?
6. Cén t-ainm laidine atá ar an réinfhia?
7. Cad é an chéad phrionsabal a bhaineann le 'Feasacht ar an bhFarraige'
8. Cén speiceas de mhíol mór atá faoi bhagairt agus a fhaightear gar do Seattle sna Stáit Aontaithe?
9. Cén sórt oibre eile ba mhaith le Terri Kearney a dhéanamh?
10. Cad a thugtar ar phobal bundúchasach na Laplainne?
11. Cén stát, sna Stáit Aontaithe, ar thángthas ar chnámharlach mamait ann?
12. Cé acu ainmhí nó planda é an spúinse mara?
13. Bíonn an aimsir te ar an tundra – fíor nó bréagach?
14. Cén glasra atá luaite sa teideal in oideas éisc Bhord Bia?

Freagraí: 1. Carria, **2.** Ionad Oidhreachta an Sciobairín, **3.** Dath dearg, **4.** I Meiriceá Láir agus i Meicsiceo, **5.** Breis agus 5 uair an chloig, **6.** *Rangifer Tarandus*, **7** Níl ann ach aon fhearraige mhór amháin i ndáiríre, ach go bhfuil airíonna éagsúla ag baint le codanna éagsúla di, **8.** An chráin dhubh dheisceartach, **9.** Eolaí mara, **10.** An pobal Sámach, **11.** Michigan, **12.** Ainmhithe, **13.** Bréagach, **14.** Cainneann

Cum Fortheideal!

Bíodh spraoi agat féin agus ag do chairde. Cum fortheideal[4] a d'oirfeadh don phictiúr seo d'ulchabhán sneachta [5].

Greann an Dúlra

Cá bhfaighfeá farraige gan uisce?

Ar léarscáil!

Cad a bheadh níos measa ná cruimh[1] a aimsiú in úll a bheadh á ithe agat?

Leathchruimh!

Cad a thabharfá ar réinfhia a mbeadh cosantóir cluas[2] air?

Cibé rud is mian leat – ní chloisfidh sé thú!

Cén sórt uachtair a gheofá sa Laplainn?

Uachtar reoite!

Cad a lasann an fear sneachta san oíche ina theach?

Coinlín reo[3]!

Cad a théann timpeall ar fheirm ach nach mbogann riamh?

Sconsa!

Cé na 5 dhifríocht?

© Stáisiún Mara Inis Arcáin agus a chuid ceadúnóirí. Gach ceart ar cosaint.

Cuardach Focal

Aimsigh na focail thíos sa Chuardach Focal. Is focail iad uile atá le fáil san eagrán seo!

- Anraith
- Ionad Oidhreachta
- Cráin Dhubh
- An Laplainn
- Urú Mórghealaí
- Mamat
- Réinfhia
- An Sciobairín
- Gealóg
- Mionghé Shneachta
- Portán
- Ulchabhán
- Spúinsí
- Fanaile
- Na Gealáin Thuaidh
- Aigéan
- An Gorta Mór
- Fithis
- Droichead
- Carria
- Piongain

C	I	O	N	A	D	O	I	D	H	R	E	A	C	H	T	A	M
D	M	I	T	É	R	A	É	F	S	I	T	I	A	R	T	N	E
A	Á	A	N	S	C	I	O	B	A	I	R	Í	N	A	E	R	T
T	R	N	M	H	C	A	R	N	A	I	N	A	É	G	I	A	A
A	T	H	C	A	E	N	H	S	É	H	G	N	O	I	M	I	Ó
A	P	R	I	N	T	É	E	P	I	O	N	G	A	I	N	T	R
D	A	E	H	C	I	O	R	D	Á	Í	O	A	Ó	R	A	H	E
A	C	R	Á	I	N	D	H	U	B	H	A	R	A	T	B	C	A
U	A	I	H	F	N	I	É	R	G	C	F	C	G	N	H	P	N
M	L	L	R	G	N	T	A	D	Ó	T	Á	I	M	Ó	N	F	A
N	H	C	U	H	D	G	Ó	N	Á	M	I	F	U	A	I	A	Í
A	S	E	H	C	A	L	N	A	N	L	A	P	L	A	I	N	N
I	G	Ó	L	A	E	G	A	E	S	I	Á	T	O	A	Ú	A	Á
C	A	N	E	E	B	Í	S	N	I	Ú	P	S	R	U	L	I	T
S	Í	A	L	A	E	H	G	R	H	M	Ú	R	U	O	I	L	R
D	U	I	S	C	E	D	Á	N	T	A	I	F	I	Á	G	E	O
S	H	D	I	A	U	H	T	N	I	Á	L	A	E	G	A	N	P
T	H	C	O	A	D	O	Í	S	F	A	É	P	I	Á	P	A	A

RÉITEACH: Trasna, Anuas, Treo

Anraith (17, 1, Ó Dheas); Ionad Oidhearachta (2, 1, Soir); Cráin Dhubh (2, 8, Soir); An Laplainn (9, 12, Soir); Urú Mórghealaí (14, 15, Soir); Mamat (2, 2, Soir Ó Dheas); Réinfhia (9, 9, Iar); An Sciobairín (3, 3, Soir); Gealóg (7, 13, Soir); Mionghé Shneachta (16, 5, Soir); Portán (18, 17, Ó Thuaidh); Ulchabhán (1, 9, Soir Ó Dheas); Spúinsí (13,14 Iar); Fanaile (17, 10, Ó Dheas); Na Gealáin Thuaidh (17, 17, Iar); Aigéan (17, 4, Iar); An Gorta Mór (18, 18, Iar Ó Thuaidh); Fithis (10, 18, Ó Thuaidh); Droichead (9, 7, Iar); Carria (13, 9, Soir Ó Thuaidh).

© Stáisiún Mara Inis Arcáin agus a chuid ceadúnóirí. Gach ceart ar cosaint.

Geimhreadh 2016

Gabhaimid buíochas le gach duine a chabhraigh linn agus an t-eagrán seo de *Líon an Dúlra* á réiteach againn, go háirithe Yolande Aze, John Joyce, Terri Kearney, Michael Ludwig, Robbie Murphy, Borbála Vizkelety, Alan D. Wilson agus Jez Wickens.

Tabhair cuairt ar Stáisiún Mara Inis Arcáin ag www.sherkinmarine.ie

Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Chomhshaoil

Tá *Líon an Dúlra* fíorbhuíoch as an tacaíocht fhial a fhaighimid ónár gcuid uarraitheoirí

© Stáisiún Mara Inis Arcáin agus a chuid ceadúnóirí. Gach ceart ar cosaint.

Lch 2

Urú Mórghealaí

1. **lánurú gealaí** = *total lunar eclipse*
2. **faoi scáth an domhain** = *under the earth's shadow*
3. **an t-urú** = *the eclipse*
4. **mórghealach** = *supermoon*
5. **i bhfithis éilipseach** = in an ellipse shaped orbit
6. **go seascair** = *cosy*
7. **móreachtra neamhaí** = *a great celestial event*

Anraith Gambach Éisc

1. **faoitín** = *whiting*
2. **gearrthaí ina leadhba** = *cut in chunks*
3. **ola ológ** = *olive oil*
4. **bágún stríocach** = *streaky bacon*
5. **deataithe** = *smoked*
6. **mionghearrtha agus díslithe** = *finely chopped an diced*
7. **3 chainneann** = *3 leaks*
8. **measartha mór** = *fairly big*
9. **stoc éisc** = *fish stock*
10. **craiceann grátáilte líomóide** = *grated lemon skin*
11. **bainne gan bhearradh** = *whole milk*

An Modh

1. **sótáil** = *sauté*
2. **briosc** = *crisp*
3. **go réidh** = *softly*
4. **ar suanbhruith** = *simmer/simmering*
5. **spúnóg sliotán** = *slotted spoon*
6. **i bpróiseálaí bia** = *in a food processor*
7. **Ná déan an t-iasc a bheiriú** = *Don't boil the fish*
8. **blastanaigh** = *season*

Lch 3

Cáitheadh Sneachta = *A flutter of snow*

1. **an t-ulchabhán sneachtúil** = *the snowy owl*
2. **limistéir Artacha** = *the Artic regions*
3. **a phóraíonn** = *breeds*
4. **na portaigh** = *the bogs*
5. **an mhionghé shneachta** = *the snow goose*
6. **i ndeisceart na hilchríche** = *in the south of the continent*
7. **na fearainn phórúcháin** = *the breeding grounds*
8. **an ghealóg shneachta** = *the snow bunting*
9. **Críoch Lochlann** = *Scandinavia*

Lch 3 ar lean

10. **gealbhan** = *sparrow*
11. **an éigrit shneachtúil** = *the snowy egret*
12. **an-ghrástúil** = *very graceful*
13. **measartha ina méid** = *medium sized*
14. **taithíonn sí** = she frequents…/is found in…

Lch 4

An Réinfhia

1. **sa Ghraonlainn** = *in Greenland*
2. **i gCríoch Lochlainn** = *in Scandinavia*
3. **réinfhianna ceansaithe** = *domesticated reindeer*
4. **ina mbeithígh feirme** = *as farm animals*
5. **beanna** = *antlers*
6. **cnámha tosaigh na blaoisce** = *the bones at the front of the skull*
7. **príomhghas** = *main beam (of antler)*
8. **craobhacha** = *branches*
9. **crúba** = *hooves*
10. **ar thalamh riascach** = *on marshy ground*
11. **oiriúnaithe don fhuacht** = *adapted for the cold*
12. **téitear an t-aer sin suas** = *that air is heated up*
13. **sna scamhóga** = *into the lungs*
14. **laistiar den reitine** = *behind the retina*
15. **fionnadh** = *fur*
16. **gnáthóg** = *habitat*
17. **dhá chiseal** = *two layers*
18. **bunchóta tiubh lomrach** = *a thick fleecy undercoat*
19. **ribí fada tolla** = *long hollow hairs*
20. **a chaomhnaíonn teas na colainne** = *which retain the body heat*
21. **athchogantach** = *ruminant*
22. **seoimrín** = *chamber*
23. **léicean** = *lichen*
24. **cíbleach** = *sedge*
25. **duilleoga sailí agus beithe** = *willow and birch leaves*

Ar scáth a chéile

1. **ainmhí tréada** = *a herd animal*
2. **tugann na tréada aghaidh ó dheas** = *the herds head south*
3. **nuair a éiríonn an bia gann** = *when food gets scarce*
4. **agus iad ar imirce** = *during migration*

© Stáisiún Mara Inis Arcáin agus a chuid ceadúnóirí. Gach ceart ar cosaint.

Lch 4 ar lean

An Teaghlach

1. **Carria** = *stag/male deer*
2. **eilit** = *doe/female deer*
3. **oisín** = *fawn/young deer*
4. **Cúplálann an réinfhia** = *the reindeer mates*
5. **chun na heilití a mhealladh** = *to attract the females*
6. **Beireann na heilití na hoisíní** = *the females give birth to the fawns*

Lch 5

Fanaile

1. **blas agus boladh an fhanaile** = *the taste and smell of vanilla*
2. **i gcreatháin bhainne** = *in milk shakes*
3. **ó mhagairlíní áirithe** = *from certain orchids*
4. **foraoiseacha tropaiceacha** = *tropical forests*
5. **planda dreaptha** = a *climbing plant*
6. **na hAstacaigh** = *the Aztecs*
7. **dordéin** = *humming birds*
8. **na plandaí a phailniú** = *to pollinate the plants*
9. **na faighneoga** = *the seed pods*
10. **cuirtear ar maos iad in…** = *they are soaked in…*
11. **aibí a ndóthain** = *ripe enough*
12. **an dara spíosra is costasaí** = *the second most expensive spice*
13. **cróch** = *saffron*
14. **blasóirí fanaile saorga** = *artificial vanilla flavouring*

Fanaile sa chócaireacht

1. **áirítear an fanaile mar spíosra** = *vanilla is classed as a spice*
2. **blasóir fanaile** = *vanilla flavouring*
3. **earraí bácála** = *baking products*
4. **úscra fanaile** = *vanilla essence*
5. **úsc fanaile** = *vanilla extract*
6. **táirge sintéiseach** = *a synthesised product*
7. **a dhéanann aithris ar** = *that imitates*
8. **alcól eitile** = *ethyl alcohol*
9. **mar chumhracht** = *as a scent*

Faighneoga Fanaile

1. **faighneoga fanaile** = *vanilla pods*
2. **pónairí reatha** = *runner beans*
3. **uachtar reoite saibhir fanaile** = *richly flavoured vanilla ice-cream*

Lch 6

Spúinsí

1. **spúinse** = *a sponge*
2. **in íochtar an chladaigh** = *on the lower shore*
3. **scáintí taise** = *damp crevices*
4. **an bhunchreatlach** = *the basic skeleton*
5. **piocháin** = *pores*
6. **oscailtí ionanálacha** = *inhalant openings*
7. **scagann sé** = *it filters*
8. **fuíollábhar** = *waste products*
9. **béil easanálacha** = *exhalant openings*
10. **sruthanna láidre** = *strong currents*
11. **cruth cruinn** = *round shaped*
12. **maol leacaithe** = *flattened*
13. **áit fhoscúil** = *a sheltered place*
14. **géaga míne** = *fine branches*
15. **an spúinse grabhrógach** = *the breadcrumb sponge*
16. **ina phaistí screamhacha** = *in encrusting patches*
17. **ar ghais cheilpe** = *on kelp (seaweed) stems*

An Spúinse Oráiste

1. **dromchla cnapánach** = *lumpy surface*
2. **cruth bolcánach** = *volcano shaped*

An Spúinse Folctha

1. **spúinsí saorga** = *artificial sponges*

Lch 7

Terri Kearnay – Ionad Oidhearachta an Sciobairín[1] = *Skibbereen Heritage Centre*

1. **Ionad Oidhearachta an Sciobairín** = *Skibbereen Heritage Centre*
2. **taispeantáis** = *exhibitions*
3. **cúrsaí ginealais** = *geneological matters*
4. **d'áit dúchais** = *your native place*
5. **suirbhéireacht** = *survey*
6. **reiligí** = *graveyards*
7. **aip** = *app*
8. **leadránach** = *boring*
9. **gach cearn den domhan** = *every corner of the earth*
10. **ginealach** = *geneology*
11. **sceálta do-chreidte** = *amazing stories*
12. **turais threoraithe** = *guided trips*
13. **aimsir an Ghorta** = *the time of the Famine*
14. **foirne teilifíse** = *television crews*
15. **cláir faisnéise** = *documentary programmes*

© Stáisiún Mara Inis Arcáin agus a chuid ceadúnóirí. Gach ceart ar cosaint.

Lch 7 ar lean

16. **a d'eascair as** = *that arose fro*
17. **na heolaithe** = *the scientists*
18. **umar tadhaill** = *touch-tank*
19. **láimhseáil** = *handle*
20. **eolaí mara** = *marine scientist*

Lch 8

An Laplainn = *Lapland*

1. **Leithinis Chríoch Laplainn** = *the Scandanavian Peninsula*
2. **an Iorua** = *Norway*
3. **an tSualainn** = *Sweden*
4. **an Fhionlainn** = *Finland*
5. **An Ciorcal Artach** = *Artic circle*
6. **éagsúlacht mhór** = *great diversity*
7. **tírdhreach** = *landscape*
8. **fiordanna** = *fjords*
9. **gleannta doimhne** = *deep valleys*
10. **oighearshruthanna** = *glaciers*
11. **riasca** = *marshes*
12. **foraoiseacha fairsinge péine** = *extensive pine forests*
13. **béithe** = *beech*
14. **caora fiáine** = *wild berries*
15. **fraocháin ghorma** = *blueberries*
16. **bódhearca** = *cowberries*
17. **eithreoga sléibhe** = *cloudberries*
18. **caonach** = *moss*
19. **léicin** = *lichens*
20. **tundra** = *tundra*
21. **níos teirce** = *scarcer*
22. **de réir mar a théann tú ó thuaidh** = *as you head north*

An Pobal Sámach = *The Sami People*

1. **na Sámaigh** = *Sami*
2. **pobal bundúchasach** = *original inhabitants*
3. **canúintí** = *dialects*

Fiadhúlra

1. **mamach** = *mammal*
2. **mic tíre** = *wolves*
3. **an lincse** = *the lynx*
4. **an Sionnach Artach** = *the Artic fox*
5. **speiceas atá faoi chosaint** = *a protected species*

Lch 8 ar lean

6. **an t-ulchbhán mór liath** = *the great grey owl*
7. **an screachóg Shibéarach** = *the Siberian Jay*

Na Gealáin Thuaidh = *Aurora Borealis*

1. **radharc suaithinseach** = *remarkable sight*
2. **na Gealáin thuaidh** = *the Northern Lights*
3. **Is é is cúis leis** = *is caused by*
4. **caithníní** = *particles*
5. **atmaisféar na gréine** = *the sun's atmosphere*

An Aeráid agus an Aimsir sa Laplainn

1. **níos cineálta** = *milder*
2. **aeráid** = *climate*
3. **meánteocht** = *average temperature*
4. **de bharr ghoimh na gaoithe** = *due to wind chill*

Lch 10

Eoin Ó Foghlú

1. **fírící spéisiúla** = *interesting facts*
2. **dromchla an domhain** = *the earth's surface*
3. **a ghintear** = *is generated*
4. **gach re anáil** = every second breath
5. **Ní haon dóithín é sin** = *That's no small matter*
6. **an duibheagán is doimhne** = *the deepest depths*
7. **drámhaíl phlaisteach** = *plastic waste*
8. **seacht bprionsabal** = *seven principles*

Na Seacht bPrionsabal

1. **airíonna éagsúla** = *different characteristcs*
2. **beathra na farraige** = *marine life*
3. **gnéithe fisiceacha** = *physical features*
4. **aeráid** = *climate*
5. **gach dúil bheo** = *every living creature*
6. **Cothaíonn** = *Supports*
7. **éagsúlacht mhór** = *great diversity*
8. **sna héiceachórais** = *in the ecosystems*

An Chéad (1ú) Phrionsabal

1. **farraigí an domhain** = *the seven seas*
2. **an ghné gheoghrafach** = *geographical feature*
3. **cainneoin** = *canyons*
4. **Cainneon Mór Mheiriceá** = *The Grand Canyon*
5. **a chobhsú** = *stabilises*
6. **gach dúil bheo** = *every living creature*
7. **radaíocht chontúirteach** = *dangerous radiation*
8. **solas ultraivialaite** = *ultraviolet light*

© Stáisiún Mara Inis Arcáin agus a chuid ceadúnóirí. Gach ceart ar cosaint.

Lch 10 ar lean

Nóta don Mhúinteoir

1. **ábhar curaclaim** = *curriculum subject*
2. **snáitheanna** = *units*
3. **Clár Oideachais do Thaiscéalaithe** = *Explorers Education Programme*
4. **Curaclam um Oideachas Sóisialta Imshaoil agus Eolaíochta** = *The Social, Environmental and Scientific Education Curriculum*
5. **Cumann Eorpach na nOideoirí Muireolaíochta** = *European Marine Educators Association*

Lch 11

Cé a chasfaí orm i gcumar ceo ach…

1. **síon** = *bad weather*
2. **na móinteáin** = *the moors*
3. **capaillíní fiáine** = *wild ponies*
4. **na húdaráis áitiúla** = *the local authorities*
5. **an-nuálach** = *highly innovative*
6. **péint speisialta fhrithchaiteach** = *special reflective paint*
7. **eallach** = *cattle*

Súil sa Spéir

1. **dróin** = *drones*
2. **ladrainn** = *drones*
3. **na haerárthaigh chianrialta** = *the remote controlled aircraft*
4. **an chráin dhubh dheisceartach** = *Southern Killer whales*
5. **na nósanna pórúcháin** = *reproducive habits*

Mamat Iomrach = *Woolly Mammoth*

1. **cnámharlach mamait** = *mammoth skeleton*
2. **sluasaid** = *shovel*
3. **larsmalann na Pailé-ointeolaíochta** = *Museum of Paleontology*
4. **an fómhar a bhaint** = *bring in the harvest*

Mar a shiúlann an portán críonna …

1. **chun pórú** = *to reproduce*
2. **tréaniarracht** = *huge effort*
3. **íosbhealaí speisialta** = *special underpasses*
4. **imirce sin na bportán** = *this crab migration*
5. **dul ag spaisteoireacht** = *to go walking around*

Lch 12

Seoltaí Fónta Gréasá = *Useful Website Addresses*

1. **láithreáin sheachtracha gréasáin** = *external websites*

Lch 13

Déan cárta de do chuid féin

1. **cúr ceardaíochta** = *craft foam*
2. **maide gliú** = *glue stick*
3. **imlíne** = *outline*
4. **rianaigh** = *trace*
5. **dúch** = *ink*
6. **ag gobadh amach** = *sticking out*
7. **dromchla an phróca** = *the surface of the jar*

Lch 14

Leathanach Spraoi

1. **cruimh** = *worm*
2. **cosantóir cluas** = *ear muff/ear protector*
3. **coinlín reo** = *icicle*
4. **cum fortheideal** = *write a caption*
5. **ulchabhán sneachta** = *snowy owl*

Lch 16

Dialann Dúlra

1. **anaclann dúlra** = *nature reserve*
2. **na cuachóga** = *bows*
3. **luchtaithe** = *charged*
4. **siopa carthanais** = *charity shop*
5. **faighneoga fanaile** = *vanilla pods*
6. **úsc fanaile** = *vanilla extract*
7. **úscra fanaile** = *vanilla essence*
8. **earraí bácála** = *baking products*
9. **banda muinchille** = *arm band*
10. **seaicéad frithchaite** = *reflective jacket*
11. **sparálaí scáileáin**

Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Chomhshaoil

© Stáisiún Mara Inis Arcáin agus a chuid ceadúnóirí. Gach ceart ar cosaint.